II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2023/1040 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Bealtaine 2023**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d), agus Airteagal 79(2), pointe (c), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ([1]), in imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tá comhaontú stádais le tabhairt i gcrích ag an Aontas leis an tríú tír lena mbaineann ar bhonn Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(2) An 18 Samhain 2022, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Montainéagró i ndáil le comhaontú maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró.

(3) Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche go rathúil nuair a cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró ('an Comhaontú').

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([2]); dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

([1]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen, (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

(6) Ba cheart an Comhaontú a shíniú, agus ba cheart an dearbhú atá i gceangal leis maidir leis an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin a fhormheas, thar ceann an Aontais.

(7) Chun go bhféadfar buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh go práinneach ar chríoch Mhontainéagró, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró ('an Comhaontú') a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([3]).

*Airteagal 2*

An Dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh seo, déanfar é a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 4*

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 22(2), an dara fomhír, de, ón gcéad lá den dara mí tar éis dháta a shínithe, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ([4]).

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. FORSSMED

---

([3]) Féach leathanach … den Iris Oifigiúil.
([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN ÍOSLAINN, AN IORUA, CÓNAIDHM NA hEILVÉISE AGUS LICHTINSTÉIN**

Tugann na Páirtithe sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht Mhontainéagró dá n-aire an dlúthchaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, go háirithe de bhua Chomhaontuithe an 18 Bealtaine 1999 agus an 26 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhlachas na dtíortha sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

I gcúinsí den sórt sin, is inmhianaithe go ndéanfadh údaráis na hIorua, na hÍoslainne, na hEilvéise agus Lichtinstéin, ar thaobh amháin, agus Montainéagró, ar an taobh eile, comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích gan mhoill maidir le gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró i dtéarmaí atá comhchosúil le gníomhaíochtaí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró.